TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 4 Iúil 2024[1]

Cás C-370/23

Mesto Rimavská Sobota
v
Ministerstvo pôdohospodárstva a rozvoja vidieka Slovenskej republiky

(Iarraidh ar réamhrialú ó Najvyšší správny súd Slovenskej republiky (Cúirt Riaracháin Uachtarach Phoblacht na Slóvaice, an tSlóvaic))

(Tarchur chun réamhrialú– An Comhshaol – Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 – Adhmad agus táirgí adhmaid – Coincheapa 'oibreoir' agus 'cur ar an margadh')

I. Réamhrá

1. Is bardas é Mesto Rimavská Sobota ('an t-iarratasóir') i ngleann abhann Slovenské rudohorie (Sléibhte Ore na Slóvaice) i ndeisceart na Slóvaice. Riarann sé foraois chathrach.

2. I mí an Mheithimh 2018, dhíol an t-iarratasóir cainníocht áirithe adhmaid le duine dlítheanach, agus ghearr na húdaráis inniúla fíneáil air ina dhiaidh sin toisc nár chuir sé córas díchill chuí i bhfeidhm, mar a cheanglaítear le Dlí na Slóvaice maidir le hAdhmad,[2] lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ('an Rialachán maidir le hAdhmad').[3]

3. Ag cur i gcoinne na fíneála sin os comhair chúirteanna na Slóvaice, maíonn an t-iarratasóir, *inter alia*, chun críocha an idirbhirt atá i gceist, nach ngníomhaíonn sé mar 'oibreoir', de réir bhrí an Rialacháin maidir le hAdhmad, agus nár cheart, dá bhrí sin, é a bheith faoi réir na hoibleagáide díchill chuí a eascraíonn as sin.

1 Bunteanga: an Béarla.

2 Zákon č. 113/2018 Z. z. o uvádzaní dreva a výrobkov z dreva na vnútorný trh a o zmene a doplnení zákona č. 280/2017 Z. z. o poskytovaní podpory a dotácie v pôdohospodárstve a rozvoji vidieka a o zmene zákona č. 292/2014 Z. z. o príspevku poskytovanom z európskych štrukturálnych a investičných fondov a o zmene a doplnení niektorých zákonov v znení neskorších predpisov (Dlí Uimh. 113/2018 maidir le hadhmad agus táirgí adhmaid a chur ar an margadh inmheánach agus lena leasaítear agus lena bhforlíontar Dlí Uimh. 280/2017 maidir le tacaíocht agus fóirdheontais a sholáthar don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe agus lena leasaítear Dlí Uimh. 292/2014 maidir le fóirdheontais a sholáthraítear ó chistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa agus lena leasaítear agus lena bhforlíontar dlíthe áirithe) ('Dlí na Slóvaice maidir le hAdhmad').

3 Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO 2010 L 295, lch. 23; 'an Rialachán maidir le hAdhmad').

II. Cúlra an cháis agus an cheist a tharchuirtear

4. An 11 Meitheamh 2018, rinne an t-iarratasóir conradh le MK&MK Holz, s.r.o. ('an ceannaitheoir') chun adhmad a dhíol.

5. De bhun an chomhaid náisiúnta, faoi théarmaí an chonartha sin, dhíol an t-iarratasóir méid sonraithe adhmaid (arna shloinneadh i méadair chiúbacha) leis an gceannaitheoir. De bhun an chonartha chéanna sin, bhí an ceannaitheoir chun an lománaíocht adhmaid 'a dhéanamh' go dtí an 31 Nollaig 2018. Rinneadh foráil sa chonradh freisin maidir leis na dáileachtaí sonracha talaimh (coille) i bhforaois chathrach Rimavská Sobota ina raibh an bhuaint le tarlú. Bhí fostaithe an iarratasóra chun maoirseacht a dhéanamh ar leagan na gcrann ag an gceannaitheoir agus chun na méideanna a lománaíodh a thomhas chun comhlíonadh iomlán théarmaí an chonartha a áirithiú. I gcomaoin an mhéid adhmaid lenar comhaontaíodh a fháil, bhí ar an gceannaitheoir praghas socraithe in aghaidh an mhéadair chiúbaigh d'adhmad, lena n-áirítear CBL, a íoc leis an iarratasóir.

6. De réir na cúirte a rinne an tarchur, dhíol an t-iarratasóir adhmad le daoine nádúrtha ar bhealach comhchosúil lena úsáid mar chonnadh. [4]

7. Lena chinneadh an 25 Meitheamh 2019, arna ghlacadh ar bhonn an chinnidh a rinne Slovenská lesnícko-drevárska inšpekcia (Cigireacht Foraoiseachta agus Adhmaid na Slóvaice), Chinn an Ministerstvo pôdohospodárstva a rozvoja vidieka Slovenskej republiky (Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Phoblacht na Slóvaice, an tSlóvaic; 'an Aireacht'), go ndearna an t-iarratasóir cion riaracháin faoi Dhlí na Slóvaice maidir le hAdhmad trí mhainneachtain, ina cháil mar 'oibreoir', córas díchill chuí a choinneáil ar bun chun cosc a chur ar adhmad nó táirgí adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach a bheith á gcur ar an margadh inmheánach den chéad uair. Ghearr sé fíneáil EUR 2 000.

8. Rinne an t-iarratasóir agóid i gcoinne na fíneála sin os comhair Krajský súd v Banskej Bystrici (an Chúirt Réigiúnach, Banská Bystrica, an tSlóvaic). Dhíbh an chúirt sin an chaingean sin.

9. Ar achomharc os comhair Najvyšší správny súd Slovenskej republiky (Cúirt Riaracháin Uachtarach Phoblacht na Slóvaice, an tSlóvaic; 'an chúirt a rinne an tarchur'), maíonn an t-iarratasóir nach 'oibreoir' é, de réir bhrí an Rialacháin maidir le hAdhmad.

10. Foráiltear don sainmhíniú ar 'oibreoir' in Airteagal 2(c) den Rialachán maidir le hAdhmad, ina sonraítear go gciallaíonn 'oibreoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann adhmad nó táirgí adhmaid ar an margadh.

11. Mínítear freisin in Airteagal 2(b) den Rialachán maidir le hAdhmad go gciallaíonn 'cur ar an margadh' adhmad nó táirgí adhmaid a sholáthar ar bhealach ar bith ar an margadh inmheánach den chéad uair, gan beann ar an teicníocht díolacháin a úsáidtear, chun iad a dháileadh nó lena n-úsáid le linn gníomhaíocht tráchtála, cibé acu ar íocaíocht nó saor in aisce.

12. I ndáil leis sin, maíonn an t-iarratasóir gurb é an ceannaitheoir, faoi théarmaí an chonartha, 'a chuireann táirgí adhmaid ar an margadh [...] den chéad uair', toisc gurb é an ceannaitheoir a dhéanann an t-adhmad atá i gceist a lománú. Dá bhrí sin, is é an ceannaitheoir seachas an t-iarratasóir a ghníomhaíonn mar 'oibreoir' don chineál áirithe idirbhirt sin, agus dá bhrí sin tá sé

[4] Cé gur cheart dom cur leis sin, níl aon fhaisnéis againn maidir leis na hidirbhearta sin seachas an míniú teoranta gurb ann dóibh in ordú na cúirte a rinne an tarchur.

faoi réir na hoibleagáide maidir le dícheall cuí faoin Rialachán maidir le hAdhmad. Dá réir sin, maíonn an t-iarratasóir nach bhféadfaí locht a fháil orthu as mainneachtain córas díchill chuí a bhunú.

13. Measann an Aireacht, ós rud é gur dhíol an t-iarratasóir adhmad go díreach le tríú páirtí gan na cearta uile a ghabhann le stádas bainisteora foraoise faoi dhlí na Slóvaice a aistriú, áfach, go raibh sé féin faoi réir na hoibleagáide na taifid shonracha a éilíonn Zákon č a choinneáil ar bun. 326/2005 Z. z. o lesoch (Dlí Uimh. 326/2005 maidir le Foraoiseacht), arna leasú, chun córas díchill chuí a chur chun feidhme.

14. Sa chomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil sin, chinn Najvyšší správny súd Slovenskej republiky (Cúirt Uachtarach Riaracháin Phoblacht na Slóvaice) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An gcaithfear Airteagal 2(b) de Rialachán [Uimh. 995/2010] le léirmhíniú sa chaoi gurb ionann adhmad a chur ar an margadh freisin agus adhmad amh agus connadh a chur ar an margadh freisin ar chomaoin de réir bhrí Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán sin, más rud é, faoin gcomhaontú lamháltais lománaíochta, go ndéanann an ceannaitheoir an t-adhmad a lománú faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an díoltóra?'

15. Chuir Rialtas na hUngáire agus Rialtas na Slóvaice chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Chuir an dá pháirtí dheireanacha sin argóint ó bhéal i láthair freisin ag an éisteacht a bhí ar siúl an 15 Bealtaine 2024.

III. Anailís

16. Is mar seo a leanas atá struchtúr mo Thuairime. Ar an gcéad dul síos, glacfaidh mé seasamh maidir leis na hábhair imní atá ag Rialtas na Slóvaice i ndáil le hinghlacthacht na caingne seo (A). Ina dhiaidh sin, rachaidh mé i muinín an léirmhínithe a d'iarr an chúirt a rinne an tarchur (B). Sa chleachtadh sin, tabharfaidh mé isteach go hachomair an córas a bunaíodh leis an Rialachán maidir le hAdhmad (B.1), sula míneoidh mé cén fáth, sa chineál socraithe atá i gceist sa chás seo, a measaim go bhfuil stádas 'oibreora' (B.2) ag an iarratasóir.

A. Inghlacthacht

17. Tá amhras curtha in iúl ag Rialtas na Slóvaice maidir le hinghlacthacht an tarchuir. Measann sé go n-éilítear leis an gceist, mar a chuir an chúirt a rinne an tarchur í, go gcuirfidh an Chúirt an Rialachán maidir le hAdhmad i *bhfeidhm* maidir leis na fíorais atá i gceist sna príomhimeachtaí. Mar sin féin, ní mholann an rialtas sin go gcinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an tarchur seo do-ghlactha. Ina ionad sin, molann sé go ndéanfaí an cheist a athfhoirmliú chun fiosrú a dhéanamh, ar bhonn níos ginearálta, faoi *léiriú* an Rialacháin maidir le hAdhmad.

18. Níl mé cinnte go bhfuil gá le hathfhoirmliú ar an gceist, mar a thagraítear di. Ar an gcaoi ar cuireadh faoi bhráid na Cúirte í, urramaítear leis an gceist sin roinnt an tsaothair, a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 267 CFAE, idir *léiriú* dhlí an Aontais (ar ábhar é a fhágtar faoin gCúirt ar deireadh) agus *cur i bhfeidhm* an chomhlachta dlí chéanna (ar cúram de chuid na gcúirteanna náisiúnta é).

19. Dá bhrí sin, is féidir an cheist a fhreagairt mar a ceapadh í, fiú más rud é, mar a léireofar, go bhfuil léiriú breise ar chodanna eile den Rialachán maidir le hAdhmad i gceist le freagra úsáideach ar an gcúirt a rinne an tarchur, agus ní hamháin Airteagal 2(b) de.

B. Substaint

1. An Rialachán maidir le hAdhmad a chur i gcomhthéacs

20. Aithníodh i bPlean Gníomhaíochta 2003 maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí ('FLEGT')[5] 'fadhb mhéadaitheach na lománaíochta neamhdhleathaí agus na trádála gaolmhaire' [Aistriúchán Neamhoifigiúil] mar cheann de thosaíochtaí an Choimisiúin.[6]

21. D'fhonn lománaíocht neamhdhleathach agus táirgeadh adhmaid agus an díghrádú foraoise agus an dífhoraoisiú gaolmhar a laghdú, bhí dhá phríomhphíosa reachtaíochta mar thoradh ar Phlean Gníomhaíochta FLEGT: Rialachán FLEGT[7] agus an Rialachán maidir le hAdhmad.

22. Rialaítear le Rialachán FLEGT allmhairiú adhmaid agus táirgí adhmaid isteach san Aontas Eorpach ó thíortha lena dtugann an tAontas Eorpach cineálacha sonracha comhaontuithe comhpháirtíochta i gcrích.[8] Chun na críche sin, tugtar isteach leis córas 'ceadúnais FLEGT'. [Aistriúchán Neamhoifigiúil] Go bunúsach, is deimhnithe riaracháin iad sin a eisíonn údaráis inniúla na tíre comhpháirtíochta, lena bhféadfaidh allmhairí AE adhmaid agus táirgí adhmaid a dheimhniú gur lománaíodh na táirgí a bhféachann sé lena gcur ar an margadh inmheánach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme de chuid na tíre comhpháirtíochta. Is é sin le rá, deimhnítear le ceadúnais FLEGT go ndearnadh na táirgí allmhairithe a 'bhuaint go dleathach'.[9] [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

[5] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa, Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT), Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta AE (COM(2003) 251 final) ('Plean Gníomhaíochta FLEGT').

[6] Féach Plean Gníomhaíochta FLEGT, lch. 3.

[7] Féach Rialachán ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO 2005 L 347, lch. 1; 'Rialachán FLEGT'). Leagadh síos bearta mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán FLEGT i Rialachán (CE) Uimh. 1024/2008 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2008 lena leagtar síos bearta mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO 2008 L 277, lch. 23).

[8] Tráth scríofa, ba é an t-aon chomhaontú comhpháirtíochta saorálaí a bhí tagtha i bhfeidhm ná an comhaontú úd le Poblacht na hIndinéise; féach an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hIndinéise i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid isteach san Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí (IO 2014 L 150, lch. 252). Cé go bhfuil roinnt comhaontuithe le tríú tíortha eile curtha i gcrích cheana féin, níor tháinig siad i bhfeidhm go fóill; féach, mar shampla, an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chamarún i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) i dtaca le foraoisí (IO 2011 L 92, lch. 4), agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chongó i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí (FLEGT) (IO 2011 L 92, lch. 127). Mar sin féin, is cosúil go bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh sa chaibidlíocht sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghána i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid isteach sa Chomhphobal i dtaca le foraoisí (IO 2010 L 70, lch. 3), maidir lena chur chun feidhme agus a theacht i bhfeidhm ar feitheamh.; féach VPAAfrica-Latin America, 'Ghana and the EU advance toward FLEGT licensing in their joint effort to combat trade in illegal timber', le fáil ag: https://flegtvpafacility.org/ghana-eu-advance-toward-flegt-licensing-joint-effort-combat-trade-illegal-timber/.

[9] Féach Airteagal 1(1) agus (2), Airteagal 2(10) agus Airteagal 4(1) de Rialachán FLEGT, agus aithrisí 3, 6 agus 7 de.

23. Is ionstraim i bhfad níos leithne é an Rialachán maidir le hAdhmad. Tháinig sé i bhfeidhm an 2 Nollaig 2010 agus tháinig sé i bhfeidhm an 3 Márta 2013. [10]

24. Rialaítear leis an Rialachán sin an t-adhmad agus na táirgí adhmaid *go léir* a thagann faoina raon feidhme a chur ar an margadh inmheánach, [11] is cuma cé acu a tháirgtear san Aontas Eorpach iad nó nach dtáirgtear, agus is cuma cé acu a allmhairíodh an t-adhmad agus na táirgí adhmaid i dtrácht ó thír chomhpháirtíochta FLEGT nó nár allmhairíodh.

25. Ní théann an Rialachán maidir le hAdhmad i ngleic leis an lománaíocht neamhdhleathach ann féin, ach féachann sé le cleachtais den sórt sin a dhíspreagadh trí rialáil a dhéanamh ar mhargadh trádála an adhmaid agus na dtáirgí adhmaid a eascraíonn as sin san Aontas Eorpach. [12]

26. Chuige sin, forchuirtear leis an Rialachán sin dhá oibleagáid chothrománacha ar 'oibreoirí'. [13]

27. Is é an chéad oibleagáid atá ar an ngrúpa sin an toirmeasc ar adhmad arna lománú go neamhdhleathach nó táirgí a dhíorthaíonn ó adhmad den sórt sin a chur ar an margadh den chéad uair. [14] Is é an dara hoibleagáid den sórt sin córas díchill chuí a úsáid sula gcuirfear adhmad nó táirgí adhmaid ar an margadh den chéad uair. [15]

[10] Ón 30 Nollaig 2024, déanfar an Rialachán maidir le hAdhmad a aisghairm agus cuirfear Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (IO 2023 L 150, lch. 206) ina ionad de réir a chéile; 'an Rialachán maidir le Dífhoraoisiú'). Glacadh an rialachán sin tar éis do 'sheiceáil oiriúnachta' in 2021 a nochtadh nár chomhlíon an Rialachán maidir le hAdhmad, i measc nithe eile, a chuspóirí maidir le cosc a chur ar adhmad arna lománú go neamhdhleathach a chur ar an margadh inmheánach (féach Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Seiceáil oiriúnachta ar Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh (Rialachán maidir le hAdhmad AE) agus ar Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (Rialachán FLEGT) (SWD(2021) 328 final)). Leagtar síos leis an Rialachán maidir le Dífhoraoisiú toirmeasc ginearálta ar tháirgí a chur ar an margadh, lena n-áirítear onnmhairiú ón Aontas Eorpach, ar táirgí iad ina bhfuil tráchtearraí áirithe, a cothaíodh le tráchtearraí áirithe nó a rinneadh le tráchtearraí áirithe, lena n-áirítear feoil eallaigh (mairteoil), leathar, im cócó, seacláid, díorthaigh roghnaithe ola pailme, troscán, páipéar clóite agus sraithadhmad, mura gcruthaítear go bhfuil na táirgí sin saor ó dhífhoraoisiú agus go gcomhlíonann siad ceanglais shubstainteacha agus fhoirmiúla eile (féach Airteagal 1(1), Airteagal 2(1) agus Airteagal 3 den Rialachán maidir le Dífhoraoisiú). Tá tionscnamh comhchosúil ag dul chun cinn freisin sna Stáit Aontaithe (féach an bille, a tugadh isteach an 1 Nollaig 2023, dar teideal 'An Smacht Reachta Thar Lear agus an Gníomh um Thrádáil atá Fónta don Chomhshaol a Chothú 2023'; ar fáil ag: https://www.congress.gov/bill/118th-congress/senate-bill/3371/text) agus tharla sé sa Ríocht Aontaithe (féach tabhairt isteach, an 12 Nollaig 2023, Sceideal 17 in Acht Comhshaoil 2021; ar fáil ag: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2021/30/schedule/17/enacted).

[11] Déantar foráil maidir le raon feidhme ábhartha chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le hAdhmad in Airteagal 2(a) de agus san iarscríbhinn a ghabhann leis. Ní chonspóidtear, chun críocha an cháis seo, go dtagann na táirgí atá i gceist faoi raon feidhme na hiarscríbhinne.

[12] Go deimhin, is faoi na Ballstáit agus na tríú Stáit (lena n-áirítear tíortha comhpháirtíochta) as a dtagann adhmad agus táirgí adhmaid a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le hAdhmad a rialú cad is 'lománaíocht neamhdhleathach' ann. Féach Airteagal 2(f) agus (g) den Rialachán maidir le hAdhmad.

[13] Ar mhaithe le hiomláine, ba cheart dom a thabhairt chun suntais go bhfuil oibleagáidí ar 'thrádálaithe' freisin, a shainmhínítear in Airteagal 2(d) den Rialachán maidir le hAdhmad mar 'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann adhmad nó táirgí adhmaid atá curtha ar an margadh inmheánach cheana féin a dhíol nó a cheannach ar an margadh inmheánach le linn gníomhaíocht tráchtála'. De bhun Airteagal 5 den Rialachán sin, tá sé d'oibleagáid ar thrádálaithe adhmad agus táirgí adhmaid atá i gceist a rianú, is é sin le rá nach mór dóibh a bheith in ann na daoine a *sholáthair an* t-adhmad nó na táirgí adhmaid ábhartha *dóibh* a shainaithint chomh maith leis na daoine sin ar *sholáthair siad* na táirgí sin *dóibh*.

[14] Féach Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le hAdhmad, arna léamh i gcomhar le haithris 12 de. Féach, go ginearálta, ar an toirmeasc sin, Geraets, D. agus Natens, B., 'Governing through trade in compliance with WTO law: a case of the European Union Timber Regulation', in Wouters, J., Marx, A., Geraets, D. agus Natens, B. (eag), *Global Governance through Trade*, Edward Elgar, Cheltenham, 2015.

[15] Féach Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad, arna léamh i gcomhar le haithris 16 de.

28. Ní mór trí eilimint a bheith i gcóras díchill chuí den sórt sin, a fhéadfaidh na hoibreoirí féin nó eagraíocht faireacháin a cheapadh [16]: ar an gcéad dul síos, bearta agus nósanna imeachta atá ceaptha chun súil a choinneáil ar thionscnamh agus ar dhlíthiúlacht an adhmaid agus na dtáirgí adhmaid; [17] ar an dara dul síos, nósanna imeachta measúnaithe riosca lenar féidir anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hadhmad agus le táirgí adhmaid a lománaíodh go neamhdhleathach a chur ar an margadh; [18] agus, ar an tríú dul síos, i gcásanna nach rioscaí diomaibhseacha iad na rioscaí sainaitheanta, bearta maolaithe riosca atá leordhóthanach agus comhréireach chun na rioscaí sin a íoslaghdú go héifeachtach. [19]

2. Cé hé an 't-oibreoir' sa chás seo?

29. Go bunúsach, tá léiriú á lorg ag an gcúirt a rinne an tarchur ar an gcoincheap 'oibreoir' chun a chinneadh ar gearradh an fhíneáil i gceart ar an iarratasóir toisc gur mhainnigh sé córas díchill chuí a chur i bhfeidhm.

30. Faoi Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad, níl ach 'oibreoirí' faoi réir na hoibleagáide díchill chuí a fhorchuirtear leis sin. [20]

31. Forchuirtear an oibleagáid sin ionas gur féidir inrianaitheacht réasúnta a dhéanamh ar adhmad agus ar tháirgí adhmaid a chuirtear ar an margadh inmheánach [21] agus, ar an mbealach sin, cuidiú le cosc a chur ar thrádáil in adhmad a lománaíodh go neamhdhleathach.

32. Léiríonn an oibleagáid sin freisin cuspóir an Rialacháin maidir le hAdhmad, arb ionann é, de réir aithris 31 de, agus an comhrac i gcoinne na lománaíochta neamhdhleathaí agus na trádála gaolmhaire. Chuige sin, forchuirtear leis an Rialachán maidir le hAdhmad oibleagáidí sonracha ar 'oibreoirí' agus ar 't[h]rádálaithe'. [22]

[16] Féach Airteagal 8 den Rialachán maidir le hAdhmad. De réir mar is fearr is eol dom, tá 12 eagraíocht faireacháin ar an iomlán aitheanta ag an gCoimisiún mar eagraíochtaí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8(2) den Rialachán maidir le hAdhmad chun feidhmiú mar 'eagraíochtaí faireacháin'. Féach Foilseachán de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO 2015 C 384, lch. 4).

[17] Féach Airteagal 6(1)(a) agus aithris 17 den Rialachán maidir le hAdhmad.

[18] Féach Airteagal 6(1)(b) agus aithrisí 16 agus 17 den Rialachán maidir le hAdhmad.

[19] Féach Airteagal 6(1)(c) agus aithrisí 16 agus 17 den Rialachán maidir le hAdhmad.

[20] Mínítear in Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad '[go bh]feidhmeoidh na hoibreoirí dícheall cuí nuair a bheidh adhmad nó táirgí adhmaid á gcur ar an margadh acu. Chuige sin, bainfidh siad leas as creat nósanna imeachta agus beart, dá ngairtear 'córas díchill chuí' anseo feasta, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 6.' Maidir leis féin, leagtar síos in Airteagal 6 i gcuid ábhartha den Rialachán céanna '[go m]beidh na heilimintí seo a leanas san áireamh sa chóras díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 4(2)... (b) nósanna imeachta um measúnú riosca lena gcuirtear ar chumas an oibreora anailís agus measúnú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfar adhmad arna lománú go neamhdhleathach nó táirgí adhmaid a dhíorthaíonn ó adhmad den sórt sin a chur ar an margadh. Déanfar an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe (a) chomh maith leis na critéir ábhartha um measúnú riosca, a chur san áireamh sna nósanna imeachta sin, lena n-áirítear: – dearbhú maidir le comhlíonadh na reachtaíochta is infheidhme, ar dearbhú é a bhféadfadh scéimeanna deimhniúcháin nó scéimeanna eile arna bhfíorú ag tríú páirtí, ar scéimeanna iad lena gcumhdaítear comhlíonadh na reachtaíochta infheidhme a bheith san áireamh, – leitheadúlacht lománaíocht[a] neamhdhleathach na speiceas sonrach crann, – leitheadúlacht na lománaíochta neamhdhleathaí nó na gcleachtas neamhdhleathach i dtír na lománaíochta agus/nó sa réigiún fonáisiúnta inar lománaíodh an t-adhmad, lena n-áirítear aird a thabhairt ar leitheadúlacht coinbhleachta armtha...'

[21] Ba cheart dom aird a tharraingt ar an bhfocal 'réasúnta' sa chomhthéacs sin ós rud é, mar a leagtar amach in aithris 15 den Rialachán maidir le hAdhmad, go bhféachtar, leis an inrianaitheacht atá beartaithe ar adhmad agus ar tháirgí adhmaid, ag an am céanna, le hualach riaracháin nach bhfuil gá leis ar rannpháirtithe sa mhargadh a sheachaint.

[22] Sainmhínítear an coincheap 'trádálaí' in Airteagal 2(d) den Rialachán maidir le hAdhmad mar 'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann adhmad nó táirgí adhmaid atá ar an margadh inmheánach cheana féin a dhíol nó a cheannach ar an margadh inmheánach i gcúrsa gníomhaíochta tráchtála'.

33. Mar sin féin, tá na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar 'oibreoirí' difriúil leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar 't[h]rádálaithe'. Cé go bhfuil sé d'oibleagáid ar 't[h]rádálaithe' na daoine a sholáthair adhmad nó táirgí adhmaid dóibh agus, i gcás inarb infheidhme, na daoine ar sholáthair siad na táirgí sin dóibh a shainaithint,[23] tá sé d'oibleagáid ar 'oibreoirí' dícheall cuí a dhéanamh.[24]

34. Insíonn léamh comhcheangailte ar Airteagal 2(b) agus Airteagal 2(c) den Rialachán maidir le hAdhmad dúinn gurb ionann 'oibreoir' agus an duine a sholáthraíonn adhmad nó táirgí adhmaid *den chéad uair* ar an margadh inmheánach lena dháileadh nó lena n-úsáid le linn gníomhaíocht tráchtála, cibé acu ar íocaíocht nó saor in aisce.

35. Dá bhrí sin, ní hionann 'oibreoir' agus 'trádálaí' chun críocha an Rialacháin maidir le hAdhmad agus an fíoras go soláthraíonn siad adhmad nó táirgí adhmaid ar an margadh inmheánach – déanann siad araon amhlaidh. Is é an tsaintréith is suntasaí ná gurb é an 't-oibreoir' an *chéad duine* i slabhra soláthair an adhmaid agus na dtáirgí adhmaid ar an margadh inmheánach, cé go ndíolann nó go gceannaíonn trádálaithe adhmad nó táirgí adhmaid atá curtha ar an margadh inmheánach *cheana féin*.

36. Dá bhrí sin, is í an ghné chinntitheach chun a shainiú cé atá ina 'oibreoir' de réir bhrí an Rialacháin maidir le hAdhmad an pointe laistigh den slabhra trádála tráchtála in adhmad agus i dtáirgí adhmaid ag a gcuirtear na táirgí sin ar an margadh inmheánach den chéad uair.

37. I ndáil leis sin, is féidir linn idirdhealú a dhéanamh idir dhá chás: ceann amháin, ina dtionscnaíonn adhmad agus táirgí adhmaid ó chrainn ina seasamh atá suite i dtríú tír, a allmhairítear isteach san Aontas Eorpach ina dhiaidh sin agus a chuirtear ar an margadh inmheánach (mar adhmad amh nó mar tháirgí díorthaithe), agus, ceann eile, ina dtáirgtear adhmad agus táirgí adhmaid ó chrainn ina seasamh atá suite san Aontas Eorpach agus a chuirtear ar an margadh inmheánach.

38. Ós rud é go dtagann an chéad chur ar an margadh don chéad chatagóir chun cinn ag an bpointe scaoilte do shaorchúrsaíocht ag na húdaráis chustaim náisiúnta, sa chomhthéacs sin, is é allmhaireoir an adhmaid agus na dtáirgí adhmaid ó thríú tíortha a ghníomhaíonn mar 'oibreoir' chun críocha Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad.

39. Dá bhrí sin, is é an *t-allmhaireoir* is gá an oibleagáid díchill chuí a fhorchuirtear ar 'oibreoirí' a chomhlíonadh. Tá rogha reachtóir an Aontais oibleagáid an díchill chuí a fhorchur ar an allmhaireoir loighciúil, ós rud é gurb é an t-allmhaireoir an chéad duine ar féidir le dlí an Aontais oibleagáidí in-fhorfheidhmithe a fhorchur air go díreach nuair a thagann an t-adhmad nó na táirgí adhmaid atá i gceist ó thír lasmuigh den Aontas Eorpach.[25]

[23] Féach Airteagal 5 den Rialachán maidir le hAdhmad.

[24] Ní fhorchuirtear an oibleagáid díchill chuí ar 'thrádálaithe', a shainmhínítear in Airteagal 2(d) den Rialachán maidir le hAdhmad mar 'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann adhmad nó táirgí adhmaid atá curtha ar an margadh inmheánach cheana féin a dhíol nó a cheannach ar an margadh inmheánach i gcúrsa gníomhaíochta tráchtála'.

[25] Ar ndóigh, d'fhéadfadh sé go raibh adhmad nó táirgí adhmaid allmhairithe i gcúrsaíocht cheana féin lasmuigh den mhargadh inmheánach ar feadh tamaill, tar éis roinnt babhtaí próiseála a dhéanamh orthu b'fhéidir, agus sa chaoi go bhféadfadh sé go mbeadh pointe an allmhairithe i bhfad ón bpointe inar leagadh na crainn atá i gceist den chéad uair. Sula ndéantar adhmad nó táirgí adhmaid a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach, áfach, níl reachtóir an Aontais inniúil tionchar a imirt ar thrádáil adhmaid agus táirgí adhmaid den sórt sin trí bhíthin rialáil inmheánach.

40. Más rud é, áfach, mar atá i gceist, go bhfuil na crainn a iompaítear ina n-adhmad agus ina dtáirgí adhmaid, agus go bhfuil lománaíocht neamhdhleathach na gcrann sin a bhfuil sé mar aidhm ag an Rialachán maidir le hAdhmad iad a chosc ar deireadh, lonnaithe san Aontas Eorpach, cuirtear tús leis an slabhra trádála tráchtála in adhmad (nó i dtáirgí díorthaithe) le leagan na gcrann sin i mBallstát.

41. Sa chás sin, is é an 't-oibreoir' an duine a dhiúscraíonn na crainn sin faoin teidlíocht a thugtar dó leis an dlí náisiúnta.

42. Dá réir sin, is é an duine sin amháin atá in ann a shuíomh, laistigh den chóras díchill chuí in Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad, go bhfuil na táirgí a chuirtear i gcúrsaíocht ar an gcaoi sin 'arna lománú go dleathach' (is é sin le rá, arna mbuaint i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, mar a shonraítear in Airteagal 2(f) den Rialachán sin).

43. Tugann sé sin mé chuig an gcás atá idir lámha. Ón gcomhad cúirte, tagann sé chun solais gur dhíol an t-iarratasóir, a dheimhnigh Rialtas na Slóvaice ag an éisteacht an teidlíocht chun gníomhú mar bhainisteoir foraoise faoi dhlí na Slóvaice a bheith aige, cainníocht áirithe adhmaid leis an gceannaitheoir. B'éigean an t-adhmad sin a bhuaint, ós rud é nach raibh na crainn atá i gceist leagtha fós. Dá réir sin, tá sé d'éifeacht ag an gconradh le haghaidh na gcainníochtaí adhmaid atá i gceist go gcuirfear ar an margadh inmheánach den chéad uair táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le hAdhmad, ós rud é gurb ag an bpointe sin a chuirtear tús leis an slabhra tráchtála le haghaidh an adhmaid atá i gceist. Dá bhrí sin, is é an t-iarratasóir a ghníomhaigh mar 'oibreoir' don idirbheart áirithe sin, agus a bhfuil sé d'oibleagáid air córas díchill chuí Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad a bheith i bhfeidhm aige agus a úsáid. Tar éis an tsaoil, is é an t-iarratasóir an t-aon duine atá in ann a shuíomh go dlíthiúil gur cuireadh na táirgí i gceist ar an margadh den chéad uair i gcomhréir le reachtaíocht infheidhme na Slóvaice.

44. Chun an 't-oibreoir' a chinneadh, ní bhaineann sé le hábhar cé a leag na crainn atá i gceist go fisiciúil. Ós rud é nach féidir ach leis an 'oibreoir' an oibleagáid díchill chuí a chomhlíonadh maidir le dlíthiúlacht na buainte a thagann as sin a dheimhniú, ní féidir leis an ngníomh maidir leis na crainn a leagan a tharmligean chuig tríú duine a n-oibleagáid díchill chuí, a fhorchuirtear orthu le hAirteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad, a bhaint den iarratasóir.

45. Chiallódh a mhalairt go bhféadfaí adhmad nó táirgí adhmaid a chur ar an margadh a dhealú ón oibleagáid a eascraíonn as Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad chun dlíthiúlacht na lománaíochta i dtrácht a áirithiú. Tá an baol ann, dá réir sin, go mbeidh an toradh ar adhmad agus ar tháirgí adhmaid a bheith á gcur ar an margadh inmheánach gan an duine nó an duine atá i gceannas air sin a dhéanamh, a bheith in ann fianaise a thabhairt ar dhlíthiúlacht a lománaíochta, i gcomhréir le hoibleagáidí an duine sin. [26]

[26] Ag an éisteacht, bhí plé ann maidir le cé a bheadh ina 'oibreoir' i gcás hipitéiseach ina leagfadh duine crann gan chead chun an t-adhmad nó na táirgí adhmaid a eascraíonn as sin a dhíol ar an margadh inmheánach. Sa chás sin, an é an bainisteoir foraoise nó an 'gadaí adhmaid' a ghníomhaíonn mar 'oibreoir', de réir bhrí Airteagal 2(c) den Rialachán maidir le hAdhmad? Is é is dóichí nach cás é sin a ndearna an reachtóir machnamh air agus an Rialachán maidir le hAdhmad á achtú. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh cás den sórt sin teacht chun cinn sa chleachtas, dar liom, agus i gcomhréir le seasamh Rialtas na Slóvaice, is é an bainisteoir foraoise a bheadh ann fós, seachas an 'gadaí adhmaid', a mbeadh an teideal 'oibreoir' air chun críocha an Rialacháin maidir le hAdhmad. Is é is cúis leis sin nach féidir ach leis an gcéad duine acu dlíthiúlacht oibríochta buainte a áirithiú, agus ar an gcaoi sin an oibleagáid maidir le dícheall cuí faoi Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le hAdhmad a chomhlíonadh. Os a choinne sin, ní fhéadfadh an 'gadaí adhmaid' an oibleagáid sin a chomhlíonadh riamh agus, dá bhrí sin, ní bheadh sé in ann tús a chur leis an slabhra tráchtála ar an margadh inmheánach a bhféachtar leis an Rialachán maidir le hAdhmad a rialáil. Chomhlíonfaí an oibleagáid díchill chuí i gcás den sórt sin trí iontráil an bhainisteora foraoise, ina chóras díchill chuí, *inter alia*, cur síos ar na crainn a leagadh go neamhdhleathach, mar aon le meastóireacht go bhfuil an baol ann go gcuirfear an t-adhmad goidte a eascraíonn as ar an margadh inmheánach go neamhdhleathach.

46. I gcomhthéacs an cháis seo, ní fhéadfadh an ceannaitheoir a bheith ina 'oibreoir' ach amháin dá ndíolfadh nó dá n-aistreodh an t-iarratasóir na cearta bainistíochta ar na crainn roimh a mbuaint. Is sa chás sin amháin a dhéanfadh an ceannaitheoir an cinneadh na crainn a leagan agus an t-adhmad nó na táirgí adhmaid a thiocfadh as sin a chur ar an margadh.[27] Faoi réir dearbhú ón gcúirt a rinne an tarchur, áfach, is cosúil nach bhfuil comhaontú ann sa chás seo.

47. Mar fhocal scoir, in imthosca fíorasacha an cháis atá idir lámha, is é an t-iarratasóir a ghníomhaigh mar 'oibreoir'. Dá bhrí sin, is é an duine sin ar cheart córas díchill chuí a bheith i bhfeidhm aige chun a áirithiú, *inter alia*, go gcomhlíonfar reachtaíocht infheidhme na Slóvaice.

IV. Conclúid

48. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais an cheist arna tarchur ag Najvyšší správny súd Slovenskej republiky (Cúirt Riaracháin Uachtarach Phoblacht na Slóvaice, an tSlóvaic) mar seo a leanas:

Maidir leis an gcoincheap 'cur ar an margadh' in Airteagal 2(b) de Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cumhdaítear adhmad amh nó connadh a dhíol ar comaoin de réir bhrí Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán sin, más rud é, faoi chomhaontú lamháltais lománaíochta, go ndéanann an ceannaitheoir an t-adhmad atá i gceist a lománú faoi stiúradh agus faoi mhaoirseacht an díoltóra.

[27] Is cosúil gurb é sin an cás freisin a chuir an Coimisiún san áireamh i gCás 10a d'Fhógra ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2016, Treoirdhoiciméad le haghaidh Rialachán maidir le hAdhmad an Aontais (C(2016) 755 final, lgh. 18 agus 19). Sa chuid ábhartha, léitear an doiciméad sin mar a leanas: '[Le Cásanna 10 agus 10a, cuirtear i dtábhacht nach dtagann crainn ina seasamh faoi raon feidhme an Rialacháin. Ag brath ar na comhaontuithe conarthacha mionsonraithe, d'fhéadfadh sé gurb é an 't-oibreoir' an t-úinéir foraoise nó an chuideachta a bhfuil sé de cheart aici adhmad a lománú lena dháileadh nó lena úsáid trína g(h)nó féin] [...] Díolann úinéir foraoise Z an ceart le cuideachta A crainn ina seasamh a lománú ar thalamh Z, lena ndáileadh nó lena n-úsáid trí ghnó A féin. Bíonn Cuideachta A ina hoibreoir nuair a dhéanann sí an t-adhmad a lománú lena dháileadh nó lena úsáid ina gnó féin.' [Aistriúchán Neamhoifigiúil]